# Polasaí Frithbhulaíochta Music Generation Chiarraí

1. I gcomhréir le ceanglais an Achta Oideachais (Leas), 2000, agus le treoirlínte an chóid iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais, ghlac Bord Bainistíochta Music Generation Chiarraí an polasaí frithbhulaíochta seo a leanas laistigh de chreat chód iompair an chláir iomláine. Leis an bpolasaí seo comhlíontar riachtanais na *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Chláir Bhunscoile agus Iar-Bhunscoile* a foilsíodh i Meán Fómhair na bliana 2013.

2. Tuigeann an Bord Bainistíochta chomh tromchúiseach agus atá bulaíocht agus an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag bulaíocht ar shaol na rannpháirtithe agus dá bhrí sin tá an Bord Bainistíochta tiomanta go hiomlán do na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas chun iompar bulaíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt air:

    - Clár dearfach ina bhfuil cultúr agus atmaisféar ann lena-
        - gcuirtear fáilte roimh dhifríochtaí agus éagsúlacht agus atá bunaithe ar uileghabhálacht;
        - spreagtar rannpháirtithe eachtraí d'iompar bulaíochta i dtimpeallacht neamhbhagrach a nochtadh agus a phlé; agus
        - gcuirtear caidrimh mheasúla chun cinn ar fud an chláir;
    - Ceannaireacht éifeachtach;
    - Cur chuige uilechlár;
    - Tuiscint chomhroinnte ar a bhfuil i gceist le bulaíocht agus an tionchar atá aici a léiriú:
    - Straitéisí coisctheacha agus oideachais a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear bearta chun feasacht a ardú) lena ndéantar na nithe seo leanas-
        - comhbhá, meas agus teacht aniar i rannpháirtithe a fhorbairt; agus
        - aghaidh a thabhairt go soiléir ar na saincheisteanna a bhaineann le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus thrasfhóbach go háirithe.
    - Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar rannpháirtithe;
    - Tacaíochtaí don fhoireann;
    - Taifeadadh seasta, fiosrúchán agus athfhiosrúchán ar iompar bulaíochta (lena n-áirítear straitéisí idirghabhála seanbhunaithe a úsáid); agus
    - Measúnú leanúnach a dhéanamh ar éifeachtacht an pholasaí frithbhulaíochta.

3. I gcomhréir leis na *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna*, tugtar sainmhíniú ar bhulaíocht mar seo a leanas:

   Is éard is bulaíocht ann ná iompar diúltach nach bhfuil de dhíth, ar iompar ó bhéal, iompar síceolaíoch nó fisiceach é, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine eile (nó daoine) agus ar iompar é a dhéantar arís agus arís eile.

   Tá na cineálacha iompair bulaíochta seo a leanas san áireamh sa sainmhíniú ar bhulaíocht:

   - eisiamh d'aon ghnó, cúlchaint mhailíseach agus cineálacha eile bulaíochta caidrimh,
   - cibearbhulaíocht agus
   - bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht amhail bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht toisc gur den Lucht Siúil iad agus bulaíocht ar dhaoine atá faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu.

   Ní bhaineann eachtraí aonair ná aonuaire d'iompar diúltach d'aon ghnó, leis an sainmhíniú ar bhulaíocht lena n-áirítear teachtaireacht téacs ghránna nó nimhneach aonuaire nó seoladh teachtaireachtaí eile agus ba cheart déileáil leis sin, de réir mar is cuí, i gcomhréir le cód iompair an chláir.

   Mar sin féin, i gcomhthéacs an pholasaí seo, má chuirfear teachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí aonuaire atá gránna nó nimhneach ar láithreán líonra shóisialta nó ar fhóram poiblí eile inar féidir an teachtaireacht, íomhá nó ráiteas sin a fheiceáil agus/nó gur féidir le daoine eile an teachtaireacht, íomhá nó ráiteas sin a fheiceáil arís agus arís eile, tabharfar iompar bulaíochta air sin.

   Déileálfar le hiompar diúltach nach dtagann faoin sainmhíniú seo ar bhulaíocht i gcomhréir le cód iompair an chláir.

   Tá faisnéis bhreise ar chineálacha difriúla bulaíochta leagtha amach i gCuid 2 de na *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna.*

4. Is é/í (iad) seo a leanas an múinteoir(múinteoirí) ábhartha chun bulaíocht a fhiosrú agus chun déileáil le bulaíocht:

   **Deirdre Johnson, Oifigeach Forbartha Ceoil**

   **Foireann Oideoirí Ceoltóirí**

5. Is iad seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscteacha (lena n-áirítear straitéisí atá dírithe go sonrach ar chibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht, bulaíocht homafóbach agus thrasfhóbach go háirithe) a bheidh á n-úsáid sa chlár:

5.1 Oiliúint d'Oideoirí Ceoltóra maidir le hiompar bulaíochta a thabhairt faoi deara agus gníomhú dá réir sin.

5.2 Iompar a bhainistiú go héifeachtach sa seisiún
5.3 Iompar dearfach á léiriú ag oideoirí ceoltóra i gcónaí
5.4 Glacfar le cur chuige comhoibríoch sna seisiúin uile agus bainfear úsáid as idirdhealú chun iomaíocht idir rannpháirtithe nó brú ar rannpháirtithe a chosc
5.5 Breathnóireacht chúramach ar chaidrimh na rannpháirtithe
5.6 Leibhéil chuí de mhaoirseacht a dhéanamh ar gach clár
5.7 Conradh rannpháirtíochta curtha le chéile ag rannpháirtithe do chláir aonuaire agus do chláir le tréimhsí atá níos faide
5.8 Teagmháil chuí a dhéanamh le rannpháirtithe sa chás gur tharla bulaíocht

6. **Is iad seo a leanas nósanna imeachta Music Generation Chiarraí chun iompar bulaíochta a fhiosrú, a athfhiosrú agus a thaifeadadh agus is iad seo na straitéisí idirghabhála seanbhunaithe a úsáideadh sa chlár chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta:**

6.1 Cuirfidh Oideoirí Ceoltóra in iúl go soiléir go bhfuil iompar bulaíocht gránna agus go ndéanfaidh siad idirghabháil sa chás go dtarlaíonn iompar bulaíochta.

6.2 Sa chás go mbeidh Oideoir Ceoltóra i dteagmháil le rannpháirtí maidir leis an eachtra(eachtraí) bhulaíochta, beidh siad i dteagmháil leis nó léi nuair nach mbeidh na rannpháirtithe eile thart. Leis an gcomhrá tabharfar le fios go bhfaca siad iompar diúltach, míneofar an fáth ar sárú é an t-iompar sin ar mhisean Music Generation, agus aithneofar mura dtabharfar aghaidh ar an iompar go rachaidh cúrsaí in olcas agus beidh an tOifigeach Forbartha Ceoil (OFC) i dteagmháil leis na tuismitheoirí.

6.3 Sa chás nach dtugann rannpháirtí freagra ar an méid thuas, iarrfar ar an tuismitheoir an leanbh a bhailiú agus beidh gá le tuilleadh plé leis an OFC agus ní mór don rannpháirtí agus don tuismitheoir araon a chinntiú nach dtarlóidh an t-iompar sin arís.

6.4 Déanfar cinnte in Music Generation Chiarraí go bhfuil cleachtadh ag na hOideoirí Ceoltóra uile ar pholasaí frithbhulaíochta Music Generation Chiarraí ionas go mbeidh siad in ann an polasaí a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go seasta nuair is gá. Cuirfidh an OFC an tacaíocht riachtanach uile ar fáil chun an bhulaíocht a aithint, cuirfidh straitéisí éifeachtacha i bhfeidhm chun bulaíocht a chosc agus más cuí déanfaidh idirghabháil go héifeachtach i gcásanna bulaíochta.

6.5 Tuigeann Music Generation Chiarraí an tábhacht atá le cur chuige soiléir agus seasmhach i leith déileáil le bulaíocht nuair a tharlaíonn sé, rud atá riachtanach do chleachtas éifeachtach.

6.6 D'fhéadfadh rannpháirtí nó tuismitheoir ábhar imní bulaíochta a insint d'aon Oideoir Ceoltóra nó don Oifigeach Forbartha Ceoil. Ní mór d'Oideoirí Ceoltóra glacadh le bearta cuí maidir le tuairiscí ar iompar bulaíochta i gcomhréir le polasaí frithbhulaíochta Music Generation Chiarraí.

6.7 Sna nósanna imeachta sin, tugtar 'duine ábhartha' ar an Oideoir Ceoltóra a bhfuil freagracht air/uirthi bulaíocht a fhiosrú agus déileáil le bulaíocht.

**Straitéisí Idirghabhála**

Cloíonn Music Generation Chiarraí leis na polasaithe bulaíochta a bhaineann le gach scoil páirtithe agus is é an múinteoir ranga a dhéanann maoirseacht ar na ranganna.

Is í an fhoireann Oideoirí Ceoltóirí a bhainistíonn na gníomhaíochtaí seachtracha, agus is ar an bhfoireann sin a bhfuil an fhreagracht a chinntiú go ndéileáiltear mar is cuí le heachtraí bulaíochta.

Tuairiscítear eachtraí bulaíochta trí úsáid a bhaint as teimpléad Thuarascáil Bhulaíochta Music Generation Chiarraí.

7. Is é seo a leanas an clár tacaíochta atá sa chlár ó thaobh obair a dhéanamh le rannpháirtithe a bhfuil tionchar ag bulaíocht orthu:

7.1 Tacóidh an tOideoir Ceoltóra agus an tOifigeach Forbartha Ceoil le rannpháirtithe a bhfuil bulaíocht déanta orthu agus déanfaidh an tOideoir agus an tOifigeach sin plé le tuismitheoirí agus más gá le príomhoide scoile na rannpháirtithe agus sa chás sin go mbeidh comhairleoireacht agus/nó deiseanna ann páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí atá deartha chun cur le d'fhéinmhuinín, cairdeas agus scileanna sóisialta a fhorbairt agus teacht aniar a fhorbairt.

7.2 Tá tacaíocht do rannpháirtithe atá páirteach in iompar bulaíochta mar chuid de phróiseas idirghabhála Music Generation Chiarraí freisin. Tabharfar cúnamh do rannpháirtithe atá páirteach in iompar bulaíochta lena chinntiú go mbeidh siad in ann fanacht ar an gclár.

7.3 Molfar do rannpháirtithe a thugann eachtraí d'iompar bulaíochta faoi deara plé a dhéanamh lena nOideoir Ceoltóra, tuismitheoirí agus múinteoir scoile.

7.4 Nuair is gá, d'fhéadfadh an eachtra bhulaíochta a thuairisciú chuig scoil an rannpháirtí lena chinntiú nach bhfuil sé sin mar chuid den phatrún iompair i gcoitinne.

## 8. Maoirseacht agus Monatóireacht a dhéanamh ar Rannpháirtithe

Dearbhaíonn an Bord Bainistíochta go bhfuil polasaithe agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus mhonatóireachta i bhfeidhm chun déileáil le hiompar bulaíochta agus cosc a chur leis araon agus chun idirghabháil a dhéanamh go luath nuair is féidir.

## 9. Ciapadh a Chosc

Dearbhaíonn an Bord Bainistíochta go dtógfar céimeanna sa chlár, i gcomhréir le hoibleagáidí faoi reachtaíocht chomhionannais, na céimeanna uile atá sách praiticiúil chun ciapadh gnéasach na rannpháirtithe nó na foirne a chosc nó chun ciapadh na rannpháirtithe nó na foirne maidir le haon cheann de na naoi bhforas atá sonraithe a chosc i.e. inscne lena n-áirítear trasinscneach, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, reiligiún, aois, míchumas, cine agus duine den Lucht Siúil.

10. Ghlac an Bord Bainistíochta an polasaí seo ar an ________________ [dáta].

11. Cuireadh an polasaí seo ar fáil do phearsanra an chláir, foilsíodh an polasaí ar láithreán gréasáin an chláir (nó sa chás nach bhfuil aon láithreán gréasáin ar fáil, tá tuismitheoirí agus rannpháirtithe in ann teacht ar an bpolasaí go héasca taobh amuigh de sin ach é a iarraidh) agus cuireadh an polasaí ar fáil do Chumann na dTuismitheoirí (sa chás go bhfuil cumann ann). Cuirfear cóip den pholasaí seo ar fáil don Roinn agus don phátrún má iarrtar é.

12. Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an bpolasaí seo agus ar chur i bhfeidhm an pholasaí uair amháin gach bliain a bheidh an clár ar siúl. Cuirfear fógra i scríbhinn, lena léirítear go bhfuil an t-athbhreithniú curtha i gcrích, ar fáil do phearsanra an chláir, foilseofar an fógra ar láithreán gréasáin an chláir (nó sa chás nach bhfuil aon láithreán gréasáin ar fáil, beidh tuismitheoirí agus rannpháirtithe in ann teacht ar an bhfógra go héasca taobh amuigh de sin ach é a iarraidh) agus cuirfear an fógra ar fáil do Chumann na dTuismitheoirí (sa chás go bhfuil cumann ann). Cuirfear taifead den athbhreithniú agus toradh an athbhreithnithe ar fáil, má iarrtar é sin, don phátrún agus don Roinn.

Sínithe: Deirdre Ferris
Deirdre Ferris (Nov 29, 2022 18:58 GMT)
(Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)

Dáta: 22ú Mí Mheán Fomhair 2022

Sínithe: Deirdre Johnson
Deirdre Johnson (Nov 29, 2022 14:43 GMT)
(Oifigeach Forbartha Ceoil)

Dáta: 22ú Mí Mheán Fomhair 2022

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: Mí Meitheamh 2023

# 47133 KETB Music Generation Kerry Anti Bullying Policy GA

Final Audit Report 2022-11-29

| | |
|---|---|
| Created: | 2022-11-29 |
| By: | Brietta Kerins (bkerins@kerryetb.ie) |
| Status: | Signed |
| Transaction ID: | CBJCHBCAABAA88MhzX66-e7f3deLkQhXW_vqULiLezov |

## "47133 KETB Music Generation Kerry Anti Bullying Policy GA" History

- Document created by Brietta Kerins (bkerins@kerryetb.ie)
  2022-11-29 - 2:41:00 PM GMT
- Document emailed to Deirdre Johnson (djohnson@kerryetb.ie) for signature
  2022-11-29 - 2:41:31 PM GMT
- Email viewed by Deirdre Johnson (djohnson@kerryetb.ie)
  2022-11-29 - 2:41:44 PM GMT
- Document e-signed by Deirdre Johnson (djohnson@kerryetb.ie)
  Signature Date: 2022-11-29 - 2:43:55 PM GMT - Time Source: server
- Document emailed to deirdre.ferris@kerrycoco.ie for signature
  2022-11-29 - 2:43:56 PM GMT
- Email viewed by deirdre.ferris@kerrycoco.ie
  2022-11-29 - 6:57:31 PM GMT
- Signer deirdre.ferris@kerrycoco.ie entered name at signing as Deirdre Ferris
  2022-11-29 - 6:58:02 PM GMT
- Document e-signed by Deirdre Ferris (deirdre.ferris@kerrycoco.ie)
  Signature Date: 2022-11-29 - 6:58:04 PM GMT - Time Source: server
- Agreement completed.
  2022-11-29 - 6:58:04 PM GMT

Adobe Acrobat Sign